Cuirfidh an polasaí seo le soláthair chúram agus chosaint ar ard-chaighdeán do pháistí Ghaelscoil Inse Chór chun chur le féin-mhaitheas agus sábháltacht gach páiste agus iad ar scoil. Ghlac an Bord Bainistíochta le treoirlínte 'Children First' foilsithe ag an Roinn Sláinte & Páistí (1999) agus na treoirlínte 'Cosaint Leanaí' foilsithe ag an Roinn Oideachas & Eolaíochta (2001) chomh maith le Nósamma Imeachta um Chosaint agus Chumhadach Leanaí le haghaidh Saoráidí Cónaithe a bhaineann le Scoileanna Aitheanta 2023 agus don Agúisín le Tús Áite do Leanaí(2019, chomh maith leis an Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí (RGCS)

Tá glactha ag an mBord Bainistíochta le 'Nósanna Imeachta maidir le Caomhnú Leanaí i mBunscoileanna agus i Scoileanna Iarbhunscoile 2017' na Roinne agus déanfar a gcur i bhfeidhm go hiomlán, gan athrú gan leasú, mar chuid den pholasaí ginearálta maidir le caomhnú leanaí.

**Cur i bhFeidhm**

- Leanfar Treoirlíntí Náisiúnta Um Chúram Leanaí agus cuirtear seo in iúl do thuismitheoirí ag tús gach scoilbhlian.
- Maidir le páistí atá tógtha leo féin srl beidh doras an seomra oscailte i gcónaí agus daoine fásta sa timpeallacht.
- I gcás timpiste leithris beidh beirt daoine fásta chun athrú éadaí a stiúradh agus cuirfear fios ar na tuistí. Más fadhb leithris agus CRS fostaithe chuige sin beidh plean á dhearradh agus a leanúint I gcomhairle le tuismitheoir an pháiste.
- Caithfidh tuismitheoirí foirm bailiúcháin a línoadh ag ainmniú na daoine a bhfuil cead acu a leanaí a bhailiú. Ní scaoilfea páistí le daoine nach bhfuil ainmnithe gan labhairt le tuismitheoirí.
- Ní scaoilfear na páistí sa chás go gceaptar go mbeidh an páiste i mbaol ie le duine a bhfuil cuma air/uirthi go bhfuileadar faoi thionchar drugaí/alcól. Cuirfear fios ar na Gardaí más gá.
- Déanfar iarrachtaí páistí a chur ag obair i ngrúpaí lamuigh den seomra.
- Ní chuirfear aon pháiste ag taisteal i carr leo féin le aon bhall den fhoireann scoile.
- Iarrtar ar gach oibritheoir sa scoil dul faoi ghrinnfhiosrúcháin na nGardaí.
- Síneoidh gach bhall den fhoireann scoile iomlán dearbhúchán gan bhlian ag cinntiú go bhfuil an cód seo léite agus go bhfuil an próiséis soiléir.

**Seachaint**

- Múinfear na leanaí le linn an clár scoile OSPS ar chonas iad féin a chosaint.
- Moltar do pháistí labhart amach i dtimpeallacht oscailte na scoile.
- Cuirtear an fhoireann iomlán ar an eolas maidir le treenail rialta ar chosaint leanaí.
- Cuirfear seachtainí OCG ar siúl gach dara bhliain sa scoil mar chuid den chlár OSPS a chlúdaíonn na hábhair mothálacha. Tá tuilleadh eolais sna Polasaithe OSPS agus OCG ar shuíomh na scoile.
- Clúdófar an clár Bí Sábhálta ar scoil gach bhliain roimh an Cháisc.
- Bíonn Cosaint Leanaí ar chlár gach chruinniú ag an mBord Bainistíochta

- Cuirfear cóip den pholasaí chuig Coiste na dTuistí agus tá cóipeanna ar fail san oifig. Beidh sé le fail leis ar suíomh idirlín na scoile ar www.gaelscoilinsechor.ie.

**Próiséis**

**Duine Ilchaidrimh Ainmnithe**
Is é an príomhoide, Colm Ó Nualláin a bheidh gníomhach mar an Duine Ilchaidrimh Ainmnithe (DIA). Tá freagrachtaí ar leith ag an DIA agus beidh sé mar ionadaí na scoile ag deighleáil leis an mBord Sláinte, Garda Síochána agus aon pháirtí eile ceangailte le cásanna mí-úsáid.Ba chóir gach tagairt i leith proiseiseáil nó iniúchadh istaech i mí-úsáid páistí dul tríd an DIA. Sa chás nach bhfuil an DIA ar fáil, ba choir dul tríd Connie Ní Chorrdhuibh a bhfuil ceapaithe mar an Leas Duine Ilchaidrimh Ainmnithe (LDIA)

**Treoirlínte chun Mí-Úsáid Páistí a Aithint**
Ba chóir na comharthaí ar fad a scrúdú i gcómhtheacs iomlán suíomh an pháiste agus na coinníollacha clainne. Tá 3 stáitse in mí-úsáid páistí a aithint.
- Machnamh ar an fhéidireacht
- Ag faire do na comharthaí mí-úsáid
- Eolas a thaifeadadh

**Nochtanna ó Pháistí a Láimhséail**
Nuair a thugtar eolas trasna go ball den fhoireann ba chóir mothálachas a léiriú i gcónaí agus freagra á thabhairt. Tá ar an ball den fhoireann athdhearbhú a thabhairt don pháiste, agus muiníneachas a choinneáil leis an bpáiste agus míniú a thabhairt ar an gá le gníomhú a dhéanamh agus na torthaí go bhféadfadh teacht as agus go mbeidh daoine fásta eile ar an eolas seo. Míneofar don pháiste go ndéanfar gach rud chun iad a thacú agus a chosaint ach tá sé tábhachtach nach ndéanfar aon ghealltúintí nach féidir a choinnéail ie. ag tabhairt geallúint nach n-inseofar d'éinne eile. Is é leasa an pháiste an tosaíocht. Déanfar machnamh ar iarratasaí an pháiste comh maith agus is féidir ag tógáil aois agus tuiscint an pháiste ar bord. Tugfar an comhairle seo a leanas do bhaill an fhoireann agus iad ag deighleáil le nochtanna.
- Fan socar agus séimh
- Éist go mothálach agus go hoscailte leis an páiste.
- Glac le gach nochtadh go dáirire
- Ná cur ceisteanna treoirithe nó ná tabhair moltaí don pháiste
- Tabhair athdhearbhú ach ná tabhair geallúintí
- Ná cur stop leis an bpáiste ag cuimhniú ar ócáidí tábhachtacha
- Ná tabhair aon frithghníomhaíocht thar fóir
- Mínigh go bhfuil níos mó cabhair ar fáil
- Déan an comhrá a thaifeadadh le dátaí, ainmneacha, amannta, áiteanna, comhthéacsanna, agus sonraí eile an chómhrá

Ba chóir an t-eolas seo a thabhairt chuig an DIA agus é a bheith taifeadta sa scoil.

Má tá éigcinnteacht ag an DIA i leith tuairisc a thabhairt chuig an mBord Sláinte, lorgóidh sé comhairle ón mBord Sláinte. Ní chuirtear aon ainmneacha trasna chuig an mBord Sláinte sa chás seo. Más é chomhairle an mBord Sláinte tuairisc a

dhéanamh chucu déanfaidh an DIA é. Mura moltar tuairisc a dhéanamh, cuirfear an t-eolas seo i scríbhinn chuig an múinteoir a thug an cás don DIA agus an fáth nach bhfuil tuairisc oifigiúil á dhéanamh. Míneofar don mhúinteoir go bhfuil an ceart acu tuairisc a dhéanamh chuig an mBord Sláinte más mian leo.

Má cheaptar don mhúinteoir agus don DIA gurb fhiú tuairisc a dhéanamh ar an gcás, leanfar an próiséis sa 'Children First'- Roinn 4.4 lth 38 (Aguisín 10).

Cuirfear cathaoirleach an mBord Bainistíochta ar an eolas roimh an tuairisc a dhéanamh seachas más cás práinneach go leor é, sa chas seo cuirfear an cathaoirleach ar an eolas ina dhiadh an tuairisc a thabhairt. Ba chóir tuismitheoirí/caomhnóirí an pháiste a chur ar an eolas faoi aon tuairisc a thabhairt seachas sa chás go mbeadh an páiste i mbaol níos mó má deirtear leo. Tarlóidh seo i bhfoirm cruinniú leis an DIA agus Cathaoirleach an Bhord nó an LDIA ag a dtabharfar uimhreacha fón an HSE dos na tuismitheoirí sa chás go bhfuil tacaíocht/eolas de dhíth orthu maidir leis an gcóras neamhspléach ón scoil.

Cuirfear Bord Bainistíochta na scoile ar an eolas má lorgaítear comhairle an mBord Sláinte.

Sa chás go bhfuil dáinséir láithreach ann agus mura bhfuil tacaíocht an mBord Sláinte ar fáil, cuirfear fios ar na Gardaí. Ní chóir páiste a fhágáil in aon dáinséir ag braith ar idirghabháil an mBord Sláinte.

**Liomhainí in aghaidh Fostaithe Scoile**
Is é leasa an pháiste tosaíocht an chathaoirleach agus an DIA. Tá fostaithe na scoile i dteideal cosaint agus tacaíocht freisin áfach, maidir le liomhainí bréigeach.

Mar fhostaitheoirí, ba chóir don Bhord Bhainistíochta comhairle dleathach a lorg os rud é go bhfuil gach cás difriúil. Tá dhá céimeanna le leanúint:

1) Tuairisciú
2) Ag deighleáil leis an bhfostaí

Is é an DIA atá freagrach as tuairisc a thanhairt chuig an mBord Sláinte. Tá cathaoirleach an mBord Bainistíochta freagrach as comhairle a lorg ón mBord ar conas aghaidh a thabhairt ar an bhfostaí. Más in aghaidh an DIA atá an líomhain, is é an cathaoirleach a chuireann tuairisc chuig an mBord Sláinte.

**Tuairisciú**
Agus líomhain faighte i gcoinne fhostaí scoile, leanfaidh an DIA treoirlínte Cosaint Leanaí. Iarrtar ar an tuairisceoir aon ghearán a chur i bhfoirm scríbhinn agus cuirtear cathaoirleach an mBord Bainistíochta ar an eolas. Ba chóir d'aon bhall den fhoireann aon ghearán faoi aon bhall eile a chur chuig an DIA Ba chóir aon féidireacht a insint leis an DIA freisin. Ba choir go gcuirfear Cathaoirleach an Bhord láithreach nuair a chuirtear tuairisc chuig an DIA. Tá treanail faighte ag foireann na scoile agus chonas tuairisc a ghlacadh.

Go príobháideach, cuirfidh an DIA agus cathaoirleach an mBord an fostaí ar an eolas seo:

- Go bhfuil líomhain tugtha ina c(h)oinne
- Nádúr an líomhain

- Más rud é go bhfuil/go mbeidh na húdaráis cuí curtha ar an eolas

Tugfar cóip den líomhain scríofa agus d'aon doiciúméidí eile don fhostaí agus lorgófar freagra scríofa chuig an mBord Bainistíochta uathu laistigh de tréimhse ama áirithe. Deirtear leo go mbeidh an freagra seo oscailte do shúile na húdaráisí cuí.

Is é tosaíocht i ngach chás nach mbeidh aon pháiste oscailte d'aon chineál fiontar. Tá ar cathaoirleach an mBord gníomhú a dhéanamh chun an páiste a chosaint. Ba chóir leibhéal fiontraí a thomhais agus aon ghníomhú a dhéanamh bunaithe ar na tomhaiseanna seo.

Más é an cás go bhfuil nádúr an líomhain comh dáiríre, bunaithe ar comhfhreagras na húdaráis cuí, tá ar an mBord Bainistiochta gníomhú láithreach a dhéanamh. D'fhéadfaí gurb é cine an bhoird go gcoiméadfaí an fostaí ón scoil (Fágaint Riarthach) fad is a dhéantar iniúchadh sa chás. Má tá aon éigcinnteacht timpeall ar an gcine seo don Bhord Bainistíochta, lorgófar comhairle na nGardaí, comhairle dleathach nó comhairle ón mBord Sláinte.

Rinne an Bord Bainistíochta na hathruithe ábhartha a leagtar amach I gCiorclán 0036/2023 a mheas agus a ghlacadh.

*Nósanna imeachta tuairiscithe nuashonraithe ag alt 9.5 de na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus IarBhunscoileanna (leasaithe 2023),) a chuireann ar chumas an bhoird bhainistíochta a socruithe maoirseachta a dhéanamh agus gan eolas a nochtadh faoin mball den phearsanra scoile a ndéantar líomhain ina c(h)oinne ná ainm an linbh a nochtadh don bhord. Ní mór an fhaisnéis seo a bheith anaithnid anois sna doiciméid a chuirtear ar fáil mar chuid den Tuairisc Mhaoirseachta ar Chosaint Leanaí*

**Fágaint Riarthach**
Más cine an Bhoird Bhainistíochta go gcoimeadfaí an fostaí ón scoil, is fágaint riarthach a thógfar le pá agus ní go mbeidh an fostaí ar fionradh. Cuirfear an Roinn Oideachas & Eolaíochta ar an t-eolas seo láithreach.

*Ní mór d'fhostóirí fógra a thabhairt don Chomhairle Mhúinteoireachta nuair a dhéantar múinteoir a dhífhostú ón 11 Bealtaine 2023 ar aghaidh (nó nuair a éireoidh sé/sí as oifig tar éis gearáin a bheith déanta nó próiseas araíonachta a agairt).*

**Bord Bainistíochta**
Ba chóir go gcuirfear sonraí iomlán an chás chuig an mBord Bainistíochta agus cuirfear i gcuimhne don bhord uile mar gheall ar rúineachas an chás, agus na prionsabail a chur trasna maidir le próiséis os a chomhair agus ar chúrsaí cothromaíochta.

**Comhthathú le Polasaithe Eile**

Iniata leis an pholasaí seo tá an Ráiteas maidir le Cumhdach Leanaí .

OSPS: Beidh an clár Bí Sábháilte, ag a bhfuil tagairt déanta sa pholasaí OSPS á chlúdú ag na ranganna ar fad.

Sláinte/Sábháltacht: Tá ceangailt tábhachtach idir an dá pholasaí os rud é gur sábháltacht na leanaí atá á chlúdú acu.

Frith-Bhullaíocht: D'fhéadfaí go mbeadh tagairt air an bpolasaí seo i gcás cosaint leanaí na scoile.

Cód Iompar: Tá sé tábhachtach an ceangailt seo a luaigh ag díriú ar iompar nach nglacfar leis a bhaineann le páirteanna príobháideacha an choirp.

Polasaí um Chosaint Shonraí: Déanfar próiseiseáil ar shonraí maidir le Cosaint Leanaí mar a bhfuil mínithe sa Pholasaí um Chosaint Shonraí.

Beartaithe ag Bord Bainistiochta na scoile

Sínithe Dáta 4ú/10ú/ 2023